**CINNEADH (CBES) 2022/1179 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 7 Iúil 2022**

**maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh d'oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/217 (ATALANTA/4/2022)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile ([1]), agus iad a chur faoi chois, agus go háirithe Airteagal 6(1) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta) ("Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh").

(2) An 15 Feabhra 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/217 ([2]), lena gceaptar an Seachaimiréal Fabrizio BONDI ina Cheannasaí ar Fhórsa an Aontais Eorpaigh.

(3) An 30 Meitheamh 2022, mhol Ceannasaí Oibríochtúil an Aontais Eorpaigh go ndéanfaí an Seachaimiréal Riccardo MARCHIÓ a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa nua an Aontais Eorpaigh a luaithe is féidir.

(4) An 30 Meitheamh 2022, chomhaontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/217 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo ceaptar an Seachaimiréal Riccardo MARCHIÓ mar Cheannasaí Fórsa an Aontas Eorpaigh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta) amhail ón 7 Iúil 2022.

*Airteagal 2*

Leis seo déantar Cinneadh (CBES) 2022/217 a aisghairm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) IO L 301, 12.11.2008, lch. 33.

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/217 ón gCoiste polaitiúil agus slándála an 15 Feabhra 2022 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/41 (ATALANTA/3/2022) (IO L 37, 18.2.2022, lch. 39).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
D. PRONK
*An Cathaoirleach*